# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille

Ros a' Mhíl

## Cáisc 2018

### Liathróid Láimhe



Tháinig Mícheál Dunne isteach arís i mbliana le haghaidh liathróid láimhe a dhéanamh le rang 3,4,5 agus 6.

### Croiseanna Bríde



Ag ceiliúradh Lá Fhéile Bhríde, rinne Rang Chiara croiseanna Bríde amach as pipe cleaners!

### Seó SCC 1/2/18



Chuaigh na hArdranganna chuig Scoil Chuimsitheach Chiaráin le seó 'Back to the Eighties' a fheiceáil. Bhí sé go maith dóibh gasúir níos sine a fheiceáil ar an stáitse. Bhí an-lá acu!

### Fiontraí Shóisearach

Tá Rang 4,5 agus 6 ag glacadh páirt sa gclár Fiontraí Shóisearach (Junior Entrepreneur) faoi láthair. Tá sé mar aidhm ag an gclár cabhrú le gasúir tuiscint a chothú ar ról an fiontraí agus fiontraíocht sa bpobal. Tháinig fiontraí ón bpobal isteach ag caint leis an rang agus chuir na gasúir ceisteanna air.



Bhí ar na gasúir  obair i ngrúpaí chun theacht suas le smaointe ina raibh siad in ann tionscnamh a thosú. Rinne na grúpaí taispeántas os comhair triúr 'dragúin' agus piocadh amach ceann amháin de na smaointe. Ansin thosaigh an rang uilig ag obair ar an smaoineamh amháin seo. Rinne siad suirbhé le fáil amach cé mhéad gasúir a bhí ag iarraidh slime agus cén sórt slime ba mhaith leo. Roimh saoire na cásca bhí díolachán acu sa scoil. Taitníonn an clár go mór leo.



**Blitz Rugbaí 9/2/18**



Chuaigh gasúir ó Rang 4,5 is 6 chuig an Páirc Astro ar an gCeathrú Rua le haghaidh blitz 'tag- rugbaí' a imirt. Bhí siad in aghaidh scoileanna eile ón gceantar agus bhuaigh siad an cuid is mó de na cluichí! Tá muid an-bhródúil astu ar fad!!

**Gasúir ina bhfuil buanna bainte amach acu**



Bhí comórtas Judo in Órán Mór le gairid agus tháinig Brandon agus Síofra sa gcéad áit, agus Alex agus Cormac sa dara háit. Tháinig Caoimhe (R6) sa gcéad áit i gcomórtas gleacaíochta a bhí ar siúl i nGaillimh. Fair plé daoibh!



**Dráma Na Trí Bhéar 21/2/18 agus 9/3/18**

Ghlac Rang Shíle páirt sa gcomórtas Féile Scoil Drámaíochta i mbliana.

Rinne siad an dráma 'Na Trí Bhéar' i nDroichead an Chláirín. Chuaigh siad tríd go dtí an chéad bhabhta eile! Fuair Luca gradam le haghaidh an t-aisteoir is fearr!



Ansin chuir siad ar an stáitse arís é i Seanscoil Sailearna ar an 9ú Márta le haghaidh comórtas Chonnachta. Bhuaigh siad é sin agus anois tá siad ag dul ar aghaidh chuig an comórtas náisiúnta i Muileann gCearr tar éis na Cásca!!! Bhi siad iontach ar fad!


## Coirm 6/3/18

Ghlac na Meánranganna páirt sa gcomórtas drámaíochta Coirm i mbliana i Halla na Cathrach i nGaillimh. Rinne siad an dráma 'An Fear Draíochta, Oz'. Fuair siad dhá dhuais: 'Don amhránaíocht binn agus an damhsóir' agus 'Foireann láidir aisteoireachta'. Bhí siad thar barr!



## Lá Ceardaíochta 15/3/18

Chuaigh Rang 5 is 6 chuig Coláiste Cholmcille le haghaidh lá ag déanamh cineálacha ceardaíochta difriúla. Chaith siad an lá ar fad ann agus bhí lón agus sólaistí acu.



## Scríobh Leabhar 2018

Bhuaigh Donnacha agus Caolán an comórtas Scríobh Leabhar i mbliana leis an leabhar 'Mise'. Chuaigh siad chuig Óstán Galmont i nGaillimh le haghaidh bonn agus teastas a fháil! An-mhaith buachaillí!



## Feachtas Tesco

Fuair muid €313 ón bhfeachtas Tesco a bhí ar siúl le gairid. Beidh an t-airgead seo ag dul i dtreo coimeádán stórais i gcomhair

treallamh clóis.  Go raibh míle maith agat le gach duine a thug tacaíocht dúinn!



## Paráid 2018

Tá muid fíor bhródúil as na gasúir ar fad a ghlac páirt i bParáid na Féile Pádraig. D'éirigh linn an chéad áit a bhaint amach agus an-chraic agus spraoi a bheith againn ag an am céanna. Tá muid fíor, fíor bhuíoch go deo d'aon thuismitheoir a thug cúnamh dúinn. Is ar son gasúir na scoile uile a dhéantar chuile rud sa scoil seo agus ár míle buíochas má bhí tú in ann cúnamh a thabhairt ar bhealach ar bith.



*Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine*






Cáisc Shona daoibh ar fad!

Athoscailt: 9/4/18